

**Ainm:**___________________

YOUNG ENTERPRISE NI

# I mBun Gnó

*i gcomhpháirt le*

Danske Bank

YOUNG enterprise
A Member of JA Worldwide
NORTHERN IRELAND

# Clár an Ábhair


| Clár an Ábhair | Leathanach |
|---|---|
| Cad é an rud é gnólacht? | 1 |
| Dúshlán gnó | 2 |
| Do chartán torthaí a dhearadh | 3 |
| Mo chuid buanna & róil phoist | 4 |
| Róil phoist & buanna | 7 |
| Smaointe gnó | 9 |
| Plean margaíochta | 12 |
| Táirgeadh | 14 |
| Imeacht díolachán | 15 |
| Do sheastán trádála a dhearadh | 16 |
| Taifead Díolachán | 17 |
| Síntiús Oidhreachta | 18 |
| Breithmheas | 19 |
| Seiceáil do sheicliosta | 20-25 |
| Nótaí | |
| Gluais | |




# Cad é an rud é Gnólacht?

Cad é an rud é Gnólacht?

Cad iad na tréithe atá ag gnólacht maith?

Cad é an rud é gnó-eagraí?


Cad iad na tréithe atá ag gnó-eagraí maith?



# Dúshlán Gnó


## Tá tú ag dul a thoiseacht gnó sú

Dathaigh an teascán a bhaineann le do gnó





### Blas

Coimhéad amach do bhachlóga Brúiséile ó feirm áitiúil.





### GUD

Seasann na litreacha GUD do Gné Uathúil Dhíolacháin, seo an rud atá speisialta nó uathúil faoin do ghnólacht.




### Spriocmhargadh

An cineál custaiméara ar a mbeidh d'earra dírithe.




### Costphraghas

Is ionann costphraghas agus an méid a chosnaíonn sé le d'earra a dhéanamh ó thús.

## Ag saothrú airgid

Brabús = an méid airgid atá fágtha agat nuair atá an sú uilig díolta agus na costais go léir íoctha agat.

Tá a fhios agat a méid a chosnaíonn sé le cartán sú amháin a dhéanamh. Cén praghas a ghearrfaidh tú ar an sú lena bheith cinnte de go bhfuil an gnó ag saothrú airgid?

Déanfaimid an brabús a oibriú amach le chéile:

An cartán iomlán díolta £______ - costphraghas an cartán £_________ Brabús £_________

## Ag pleanáil an cartán a dhearadh


Tá sé in am anois againn an cartán a dhearadh i ngrúpaí. Smaoinigh ar do sprioclucht éisteachta. Cad é atá le déanamh agat ar an chartán lena chinntiú go meallfar iad leis?

Scríobh nótaí thíos.

# Déan do chartán sú torthaí a dhearadh

Bain úsáid as an teimpléad seo thíos le cartán do ghrúpa a dhearadh. Ina dhiaidh seo cuirfidh do ghrúpa é i láthair an ranga.



# Mo Chuid Buanna & Róil Phoist

- Léigh an cheist
- Socraigh cé acu de na ceithre ráiteas is fearr a chuireann síos ortsa
- Ciorclaigh uimhir amháin i ngach ceist

Cad é mar a réitíonn tú le daoine eile?

1. Díreach
2. Lán brí, go díograiseach
3. Smaointeach, báúil
4. Cúramach

Cén dóigh a mothaíonn tú má theipeann ar chúrsaí?

1. Éirím ionsaitheach
2. Tig drochspionn orm go furasta
3. Ní chuireann sé isteach nó amach orm
4. Tig fearg orm i ndiaidh tamaill

Cad é faoi a labhraíonn tú?

1. An méid ba mhaith leat a dhéanamh
2. Na mianta atá agat
3. Na mothúcháin agus taithí
4. Na firící agus figiúirí

Cad é an rud a spreagann tú?

1. An dúshlán
2. Spraoi
3. Obair foirne
4. Eolas

Cén stíl éadaí is fearr leat?

1. Deas néata
2. Dathanna geala
3. Dathanna simplí, éadaí neamhfhoirmiúla
4. Cosúil le daoine eile

Cad é an rud a spreagann thú le bheith ag obair?

1. Torthaí maithe
2. Moladh
3. Cead
4. Gníomhaíocht phraiticiúl

Cé chomh gasta agus a labhraíonn tú?

1. Go hiontach gasta
2. Go gasta
3. Go fadálach
4. Go hiontach fadálach



Cad é dó a mbeifeá ag dúil le moladh?

1. Mo chuid oibre
2. Tacaíocht a thugaim do dhaoine eile
3. Mo chuidiú
4. Mo thuairim

Cé chomh gasta agus is maith leat bheith ag obair?

1. Iontach go deo gasta - ar nós na gaoithe
2. Measartha gasta
3. Ní bhím ag obair ró-ghasta in am ar bith
4. Bím éagraithe go maith i gcónaí

Cad é an rud is mó a chuireann isteach ort?

1. Cur amú ama
2. Rudaí a dhéanamh faoi dhó
3. Argóintí
4. Nuair nach mbíonn an ceart agam

Anois, déan minicíocht na huimhreacha thíos a chuntas ó na freagraí a thug tú. Cá mhéad de gach uimhir thíos a fuair tú?

1. =
2. =
3. =
4. =

Cén dóigh ar fearr leat a bheith ag obair?

1. Roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh ag an am amháin
2. Saoirse a bheith agat, éiríonn tú dú dóite go gasta
3. Ní maith leat a bheith faoi bhrú, ag cuidiú le daoine eile
4. Méadú cothrom, rud amháin ag am amháin

Cé acu is tábhachtaí duit féin?

1. Go mbíonn meas ag daoine orm
2. Go leanann daoine eile mo dhea-shampla
3. Go mbíonn daoine eile buíoch díom
4. Go mbíonn muinín ag daoine eile asam



# Cén sórt ainmhí thú?



**1 den chuid is mó:**
Is leon thú

Tréithe:

- Eagraithe
- Sásta glacadh le dúshlán
- Muiníneach
- Sásta labhairt amach
- Maith ag spreagadh daoine eile
- Ceannaire nádúrtha
- Dírithe - is maith leat spriocanna a leagan síos
- Mífhoighneach in amanna
- Cara lán craice

**Seans go mbeifeá iontach maith i gceann de na réimsí gnó seo:**

- Díolachán
- Margaíocht



**2 den chuid is mó:**
Is madadh thú

Tréithe:

- Cruthaitheach
- Cuideachtúil
- Díograiseach
- Sásta dul sa seans
- Beo bríomhar
- Lán smaointe
- Cainteach
- Ní bhíonn tú sásta spriocanna a leagan síos
- Cara cineálta

**Seans go mbeifeá iontach maith i gceann de na réimsí gnó seo:**

- Margaíocht
- Imeachtaí
- Díolachán



**3 den chuid is mó:**
Is capall thú

Tréithe:

- Tacúil
- Imreoir foirne
- Dícheallach
- Diongbháilte tiomanta
- Eadránaí – duine a shocraíonn coimhlintí
- Iontach cuidiúil
- Ní bhíonn tú sásta le hathruithe in amanna
- Cúramach faoi spriocanna a bhaint amach
- Cara cineálta

**Seans go mbeifeá iontach maith i gceann de na réimsí gnó seo:**

- Táirgeadh
- Airgeadas
- Imeachtaí



**4 den chuid is mó:**
Is cat thú

Tréithe:

- Smaointeoir
- Dírithe ar fhíricí agus fhigiúirí
- Iontach beacht
- Dícheallach
- Praiticiúil
- Foghlaimeoir gasta
- Rud beag ciúin in amanna
- Go maith ag baint amach spriocanna
- Cara dílis

**Seans go mbeifeá iontach maith i gceann de na réimsí gnó seo:**

- Airgeadas
- Táirgeadh

Seo iad na buanna atá agam agus an fáth a mbeinn maith sa phost seo, dar liom…

# Róil Phoist & Buanna

## Stiúrthóir Bainistíochta

Freagrach as an ghnó iomlán
Tugann jabanna don fhoireann
Cinntíonn go mbíonn gach duine in am agus i láthair ag cruinnithe foirne

### Scileanna agus Tréithe

Sárscileanna cumarsáide
Tiomanta agus ábalta daoine eile a spreagadh
Sárscileanna ceannasaíochta
Sárscileanna láithreoireachta

## Bainisteoir Díolacháin

Tagann aníos le reic díolacháin le custaiméirí a mhealladh
Tugann comhairle agus smaointe le díolacháin a ardú
Spreagann na baill foirne le bheith díograiseach

### Scileanna agus Tréithe

Cairdiúil agus dea-mhúinte
Spreagann an fhoireann le rudaí a dhíol
Scileanna maithe idirbheartaíochta
Cruthaitheach agus fuinniúil

## Bainisteoir Margaíochta

Freagrach as ábhair fógraíochta a chruthú
Socraíonn an dóigh a ndéanfaidh an comhlacht margaíocht

### Scileanna agus Tréithe

Dea-scileanna cumarsáide
Cruthaitheach agus maith ag an ealaín
Go maith ag teacht aníos le smaointe

## Bainisteoir Imeachtaí

Cinntíonn go mbíonn gach ábhar réidh ag an ghrúpa don imeacht díolacháin
Eagraíonn cé atá freagrach as na hábhair dhifriúla le linn an imeachta
Cinntíonn go gcuirtear íomhá mhaith den fhoireann chun cinn

### Scileanna agus Tréithe

Dea-scileanna cumarsáide
Eagraithe agus go maith ag déanamh cinntí
Spreagtha agus díograiseach

## Bainisteoir Airgeadais

Freagrach as praghas na dtáirgí a shocrú
Cinntíonn go n-aisíoctar iasachtaí nó infheistíochtaí
Freagrach as an airgead ag an imeacht díolacháin
Ullmhaíonn tuairiscí airgeadais

### Scileanna agus Tréithe

Scileanna maithe uimhearthachta
Iontaofa Eagraithe
Go maith ag coinneáil taifead
Dea-scileanna cumarsáide

## Bainisteoir Táirgthe

Cinntíonn go mbíonn an fhoireann ann agus iad ag comhoibriú Cinntíonn go mbíonn an fhoireann ag obair i dtimpeallacht shábháilte Cúramach faoi spriocamanna Cinntíonn go mbíonn gach táirge ar ardchaighdeán

### Scileanna agus Tréithe

Dea-scileanna cumarsáide
Dea-scileanna idirphearsanta
Eagraithe Súil ghrinn aige nó aici
Ábalta spriocamanna a bhaint amach

# Ainm na Ról Poist

## Stiúrthóir Bainistíochta

Ainm:

Bainisteoir Cúnta:

## Margaíocht

Bainisteoir:

Bainisteoir Cúnta:

Foireann:

## Airgeadas

Bainisteoir:

Bainisteoir Cúnta:

Foireann:

## Díolachán

Bainisteoir:

Bainisteoir Cúnta:

Foireann:

## Táirgeadh

Bainisteoir:

Bainisteoir Cúnta:

Foireann:

## Imeachtaí

Bainisteoir:

Bainisteoir Cúnta:

Foireann:

# Smaointe Gnó



| Táirge | Ábhair | Costas le 100 a dhéanamh | Díolacháin in aghaidh an aonaid | Díolacháin (má dhíoltar 100) | Brabús (díolacháin - costas) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Frámaí Pictiúir Beaga** | Frámaí<br>Pictiúir irise<br>Péint/Vearnais<br>Ábhair | £75<br>£0<br>£15<br>£5 | | | |
| | Iomlán | £95 | £2.50 | £250 | £155 |
| **Cártaí** | Cárta Bán<br>Greamáin<br>Páipéar Síoda<br>Cárta Daite | £20<br>£20<br>£10<br>£10 | | | |
| | Iomlán | £60 | £1.50 | £150 | £90 |



# Smaointe Gnó

# Ár nGnólacht

**Ár nGnólacht:**


**Caipiteal Tionscnaimh:**
Cá mhéad a chosnóidh sé an smaoineamh seo a tháirgeadh agus a fhógairt?


Cá mhéad táirge a dhíolfaidh muid?

Caipiteal Tionscnaimh a bheas de dhíth?

Cá bhfaighidh muid ár gcaipiteal tionscnaimh?

**Sampla:**



**Cuimhnigh gur iasacht é seo – caithfidh tú é a íoc ar ais!**

# Plean Margaíochta




Déan cur síos mionsonrach ar an táirge.

**TÁIRGE**



Caithfidh an praghas bheith iomaíoch le custaiméirí a mhealladh.

**PRAGHAS**




Cén áit a ndíolfaidh tú é? Cad é an spriocmhargadh a bheas agat? An mbeidh tú ag freastal ar aonach trádála?

**ÁIT**



Cad é mar a chuirfidh tú do tháirge/seirbhís chun cinn? Cad iad na modhanna a úsáidfidh tú?

**CUR CHUN CINN**



# Ár nGnólacht

Ainm an Ghnólachta

Lógó an Ghnólachta

Aidhm

Spriocanna

# Táirgeadh





Nótaí

## Sreabhchairt Táirgthe

Plean & Dearadh

# Imeacht Díolacháin




Cén áit a dtiocfadh linn ár gcuid táirgí a dhíol?

Mionsonraí an Imeachta

# Do Sheastáin Thrádála a Dhearadh!

Seastáin






Ná déan dearmad:

- Ainm an chomhlachta agus lógó a léiriú
- Do tháirigí agus an méid a chosnaíonn siad a bheith soiléir.
- Cad é fá póstaeir/bileoga a dhearadh do na seastáin?
- Clúdaigh an tábla le héadach boird nó cúlpháipéar.
- Custaiméirí a mhealladh! Is féidir leat dathanna geala, dathanna troma, soilse sí, stiallbhratacha, cluichí/gníomhaíochtaí praiticúla leat, bí cruthaitheach!
- Déan earraí atá cosúil lena chéile a ghrúpáil le chéile ar an tábla.
- Samlaigh gur siopadóir thú agus gur seo do shiopa beag!

# Taifead Díolacháin

| | | |
|---|---|---|
| Díolacháin<br><br>**Díolachán Iomlán** | | £ |
| Costais<br><br>Amhábhair<br>Costas Fógraíochta<br>Costas Eile<br><br>**Costas Iomlán** | | £ |
| **Iasacht / Infheistíocht** | | £ |
| **Brabús =<br>Díolacháin - (costas + iasacht/infheistíocht)** | | £ |





# ÍOCAÍOCHT CHÁNACH

Is carthanas é Young Enterprise. Bhunaigh muid an íocaíocht chánach seo le go bhfaighidh níos mó daoine óga deis amach anseo blaiseadh a fháil ar an eispéireas Young Enterprise.

Iarrtar oraibh an Tuairisc Chomhlachta a chomhlánú agus í a chur chuig an Bhainisteoir Forbartha Ceantair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Díolachán Iomlán | **Cá mhéad airgid a rinne sibh as an táirge a dhíol?** | = | |
| Costas Iomlán | **Cá mhéad a chosain sé oraibh an táirge/na táirgí a dhéanamh?** | = | |
| Brabús | **Ríomh: Díolacháin – Costais** | = | |
| Cáin dhlite | **Brabús x 10% (ar a laghad)**<br>**Seic - iníoctha le Young Enterprise NI Airgead tirim - Tabhair don Bhainisteoir Forbartha é** | = | |

Tá muid thar a bheith buíoch díbh as an cháin seo a íoc linn. Cuideoidh sé linn an Clár Tosaithe Gnólachta a chur ar fáil do dhaoine óga eile go mbainfidh siad an tairbhe céanna is a fuair sibhse amach as.

Míle buíochas!

***'Déanann an íocaíocht 10% de Cháin Tosaithe Gnólachta seo difear mór'***



Is carthanas cláraithe é Young Enterprise NI, Uimhir Charthanais: XR21328

# Breithmheas

Na rudaí ar éirigh go maith leo...

Na rudaí ba mhaith linn a fheabhsú...

# Seiceáil do Sheicliosta

## Seicliosta an Stiúrthóra Bainistíochta

| **Faoi dheireadh sheisiún 2, ba cheart an méid seo a bheith déanta agat...** | |
|---|---|
| Taighde ar do ról poist | |
| Taighde ar stiúrthóirí bainistíochta cáiliúla agus na fáthanna ar ceannairí maithe iad | |
| Smaoineamh ar an fháth a mbíonn duine de dhíth le bheith freagrach as an ghnó iomlán | |
| A chinntiú go bhfuil gach ball foirne sásta lena ról | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 3, ba cheart an méid seo a bheith déanta agat...** | |
| Dátaí dialainne agus cruinnithe a bheith comhaontaithe leis an mhúinteoir/saorálaí gnó agus leis an chuid eile den fhoireann | |
| A chinntiú go mbuaileann na foirne difriúla le chéile agus go mbíonn siad i gcumarsáid lena chéile go minic | |
| A chinntiú go ndearna sibh leathanach 10 a chomhlánú le smaointe gnó | |
| Cruinniú a bheith agat leis na ceannairí éagsúla foirne | |
| Ullmhúchán a bheith déanta agat leis na chéad seisiúin eile a stiúradh | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 4, ba cheart an méid seo a bheith déanta agat...** | |
| An fhoireann a stiúradh tríd an chumasc margaíochta (Táirge, Praghas, Áit, Cur chun Cinn) | |
| Cruinniú leis an fhoireann mar a bheadh cruinniú boird ann - lena chinntiú go bhfuil gach duine sásta | |
| A chinntiú go bhfuil na tascanna a bhí le déanamh ag gach duine go dtí seo uilig comhlánaithe | |
| An fhoireann a spreagadh agus smaointe a mhealladh astu maidir leis an bhrabús a chaitheamh | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 5, ba cheart an méid seo a bheith déanta agat...** | |
| A chinntiú go dtuigeann gach duine tábhacht na sláinte agus na sábháilteachta san áit oibre | |
| A chinntiú go bhfuil na táirgí réidh lena ndíol agus go ndearnadh seiceáil caighdeáin orthu | |
| An fhoireann a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar imeacht díolacháin | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 6, ba cheart an méid seo a bheith déanta agat...** | |
| A chinntiú go bhfuil leathanach 15 comhlánaithe ag gach foireann | |
| A chinntiú go bhfuil an Fhoireann Airgeadais réidh | |
| Gach ball d'fhoireann an ghnólachta a bheith spreagtha agat – dá mhéad a dhíoltar, is mó an brabús! | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 7, ba cheart an méid seo a bheith déanta agat...** | |
| Buíochas a ghabháil le gach duine as a ndíograis agus a ndúthracht | |
| Cuntas achomair ar an imeacht díolacháin agus éisteacht le haiseolas ón fhoireann | |
| A chinntiú go ndearnadh leathanach 18 a chomhlánú | |

# Seiceáil do Sheicliosta

## Seicliosta na Foirne Imeachtaí

| | |
|---|---|
| **Faoi dheireadh sheisiún 2, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Fáil amach cad chuige a mbíonn Bainisteoir Imeachtaí tábhachtach i nGnólacht | |
| Smaoineamh ar 2 imeacht dhifriúla, ar a laghad, ag a dtiocfadh libh táirgí a dhíol | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 3, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Cuidiú le giniúint na smaointe táirge ar leathanach 10 | |
| Leathanach 10 agus a 11 a chomhlánú | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 4, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Díriú isteach ar an mhír 'Áit' den phlean margaíochta ar lch 12 agus teacht aníos le cuid mhór smaointe maidir leis na háiteanna a dtiocfadh leat an táirge a dhíol agus maidir leis na sprioc -cheannaitheoirí | |
| Leathanach 12 agus 13 a chomhlánú | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 5, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| An tsreabhchairt táirgthe ar leathanach 14 a chomhlánú | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 6, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanach 15 a chomhlánú | |
| Plé a stiúradh faoin imeacht/na himeachtaí atá roghnaithe agaibh, go háirithe:<br>- Áit<br>- Acmhainní a bheas de dhíth (m.sh. tábla, seastáin taispeántais srl.)<br>- Cur chun cinn agus promóisin ar an lá (mar shampla, margaí 'ceannaigh ceann, faigh ceann saor in aisce' srl.)<br>- Sláinte agus Sábháilteacht<br>- Liosta na jabanna (m.sh. láimhseáil airgid, taifead díolacháin, leagan amach, cur chun cinn srl.) | |
| An seastán trádála a dhearadh (má tá ceann de dhíth) agus bualadh leis an Fhoireann Mhargaíochta leis na dóigheanna is fearr leis an táirge a chur chun cinn a phlé | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 7, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanach 17 agus 19 a chomhlánú (nuashonrú díolacháin agus breithmheas) | |

# Seiceáil do Sheicliosta

## Seicliosta na Foirne Margaíochta

| Faoi dheireadh sheisiún 2, ba cheart an méid seo a bheith déanta... | ✓ |
|---|---|
| Taighde a dhéanamh ar do ról poist | |
| Duine éigin clúiteach a aimsiú a chaith seal ag obair ar Fhoireann Mhargaíochta | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 3, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanach 11 a chomhlánú | |
| Smaoineamh ar thrí dhóigh leis an ghnólacht úr a fhógairt, taobh istigh agus taobh amuigh den scoil | |
| Smaoineamh ar an chineál eolais a chaithfidh tú a fháil amach ó agus faoi na custaiméirí féideartha a bheas agaibh (taighde custaiméirí) | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 4, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Cruinniú Foirne a reáchtáil agus bhur gcuid smaointe faoi choinne fógraíochta agus taighde margaidh a phlé - cinneadh déanta maidir leis na modhanna is fearr | |
| Leathanach 12 agus 13 a chomhlánú | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 5, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanach 14 a chomhlánú | |
| Tosú de bheith ag smaoineamh ar an dóigh is fearr chun na táirgí a chur ar taispeáint ag an imeacht díolacháin. An mbeidh seastán nó tábla de dhíth? Cruinniú leis an Fhoireann Imeachtaí leis seo a phlé. | |
| Lámh chuidithe a thabhairt don Fhoireann Táirgthe | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 6, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| An t-ábhar fógraíochta agus promóisin uilig a bheas de dhíth don imeacht díolacháin a dhearadh agus a dhéanamh | |
| An coincheap 'scéal scéil' nó 'ó bhéal go béal' sa mhargaíocht a phlé - cad é mar a mheallfaidh sibh daoine chuig an imeacht díolacháin? | |
| Monatóireacht a dhéanamh ar shásamh custaiméara | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 7, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanach 17 agus 19 a chomhlánú (nuashonrú díolacháin agus breithmheas) | |
| Cinneadh a dhéanamh faoin rud a dhéanfaidh sibh leis an bhrabús | |

# Seiceáil do Sheicliosta

## Seicliosta na Foirne Airgeadais

| | |
|---|---|
| **Faoi dheireadh sheisiún 2, ba cheart an méid seo a bheith déanta…** | |
| Taighde a dhéanamh faoi do ról poist | |
| Duine éigin clúiteach a aimsiú a chaith seal ag obair ar Fhoireann Airgeadais | |
| Smaoineamh ar thrí dhóigh trína dtiocfadh leis an rang go leor airgid a thiomsú le gnó a thosú | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 3, ba cheart an méid seo a bheith déanta…** | |
| Leathanach 11 a chomhlánú | |
| Cleachtadh a dhéanamh ar an dóigh le brabús a ríomh agus a oibriú amach | |
| Taighde a dhéanamh ar chostas na gcomhábhar uilig a bheas de dhíth leis an táirge a dhéanamh | |
| Cruinniú a reáchtáil chun bhur gcuid smaointe a phlé faoi dhóigheanna le caipiteal tionscnaimh a bhailiú | |
| Socrú ar áit mhaith ina dtiocfadh libh an t-airgead a choinneáil | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 4, ba cheart an méid seo a bheith déanta…** | |
| Leathanach 12 agus 13 a chomhlánú | |
| Cruinniú foirne a reáchtáil agus tús a chur le taifead a choinneáil de gach idirbheart – gach admháil a choinneáil agus taifead a choinneáil de gach comhábhar a cheannaíonn an gnó | |
| An t-airgead ar fad a choinneáil sábháilte agus cuntas a dhéanamh air ar bhonn rialta | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 5, ba cheart an méid seo a bheith déanta…** | |
| Leathanach 14 a chomhlánú | |
| A chinntiú go gceannaítear na hacmhainní is saoire | |
| Lámh chuidithe a thabhairt don Fhoireann Táirgthe | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 6, ba cheart an méid seo a bheith déanta…** | |
| Leathanach 15 a chomhlánú | |
| Cúlchnap airgid a shocrú – lena chinntiú go mbíonn briseadh ann do na custaiméirí | |
| An t-airgead ar fad a choinneáil i dtaisce go cúramach | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 7, ba cheart an méid seo a bheith déanta…** | |
| Leathanaigh 17 agus 19 a chomhlánú (nuashonrú díolacháin agus breithmheas) | |
| Cinneadh a dhéanamh faoin mhéid a dhéanfaidh sibh leis an bhrabús | |

# Seiceáil do Sheicliosta

## Seicliosta na Foirne Díolacháin

| Faoi dheireadh sheisiún 2, ba cheart an méid seo a bheith déanta... | |
|---|---|
| Taighde a dhéanamh faoin ról poist | |
| Smaoineamh ar thábhacht na ndíolachán do rath gnólachta | |
| Smaoineamh ar sheirbhís custaiméara – ceannaíonn custaiméirí sásta níos mó! | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 3, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| An t-eolas faoi dhíolacháin ar leathanach 9 a léamh agus a thuiscint | |
| Smaoineamh ar an mhéid díolacháin is gá a bhaint amach chun brabús a dhéanamh | |
| Cruinniú leis an fhoireann díolacháin a reáchtáil le smaointe díolacháin agus cur chuige díolacháin a phlé | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 4, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanach 11 a chomhlánú | |
| Teacht aníos le reic díolacháin agus fiosrú a dhéanamh ar dheiseanna speisialta | |
| díolacháin An Fhoireann Díolacháin a spreagadh le níos mó táirgí a dhíol | |
| Leathanaigh 12 agus 13 a chomhlánú | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 5, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanach 14 a chomhlánú | |
| Lámh chuidithe a thabhairt don Fhoireann Táirgthe | |
| A chinntiú go mbíonn na táirgí réidh lena ndíol | |
| Smaoineamh ar an dóigh le himeacht díolacháin a eagrú agus ullmhú leis na chéad seisiúin eile a stiúradh | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 6, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanach 15 a chomhlánú | |
| Smaoineamh ar an dóigh leis an ionad díolacháin (an áit a ndéanfaidh sibh an díol) a leagan amach agus an táirge a thaispeáint - bualadh leis an Fhoireann Margaíochta | |
| Teacht aníos le reic díolacháin spreagúil tarraingteach | |
| Uainchlár a shocrú de na daoine a bheas i mbun an tseastáin ag amanna áirithe | |
| Taifead garbh a choinneáil de na rudaí a dhíoltar - dá mhéad a dhíoltar, is mó brabús a fhaightear! | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 7, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Gníomhaíochtaí an Imeachta Díolacháin a phlé agus achoimre a scríobh | |
| Smaoineamh ar an reic díolacháin – ar éirigh leis agus ar chuidigh an ghné uathúil dhíolacháin a bhí agaibh | |
| Leathanach 17 agus 19 a chomhlánú (nuashonrú díolacháin agus breithmheas) | |

# Seiceáil do Sheicliosta

## Seicliosta na Foirne Táirgthe

| | |
|---|---|
| **Faoi dheireadh sheisiún 2, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| A fháil amach an fáth a mbíonn Bainisteoir Táirgthe tábhachtach i ngnólacht | |
| Sampla de tháirgthe atá iontach costasach le táirgeadh a aimsiú agus ceann atá iontach saor | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 3, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Barúil a bheith agat ar an chostas a bheas ar an smaoineamh deiridh táirge atá agaibh | |
| A fháil amach cá fhad a ghlacfaidh sé oraibh an táirge deiridh a dhéanamh | |
| A fháil amach cá mhéad duine a bheas de dhíth san iomlán leis an táirge a tháirgeadh | |
| Leathanaigh 10 & 11 a chomhlánú | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 4, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanaigh 12 & 13 a chomhlánú | |
| Liosta a chruthú, mar fhoireann, de na comhábhair a bheas de dhíth leis an táirge a tháirgeadh | |
| Plé a dhéanamh ar dhóigheanna le costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir | |
| Plé a dhéanamh ar dhóigheanna lena chinntiú go mbíonn na táirgí ar ardchaighdeán agus custaiméirí sásta leo | |
| Plé a dhéanamh ar an dóigh a gcinnteofar go dtáirgfear na táirgí in am | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 5, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| An gnólacht a stiúradh leis an tSreabhchairt Táirgthe ar lch 14 a chomhlánú | |
| Ullmhúchán a dhéanamh le comhábhair a cheannach agus lena chinntiú go dtáirgfear an táirge in am | |
| Plean Sláinte agus Sábháilteachta a chruthú faoi choinne an phróisis táirgthe | |
| Seicliosta maidir le Rialú Caighdeáin a chruthú | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 6, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanach 15 a chomhlánú | |
| A chinntiú go mbíonn na táirgí réidh le díol agus go bhfuil go leor stoic agaibh | |
| Lámh chuidithe a thabhairt leis na táirgí a dhíol | |
| **Faoi dheireadh sheisiún 7, ba cheart an méid seo a bheith déanta...** | |
| Leathanach 17 agus 19 a chomhlánú (nuashonrú díolacháin agus breithmheas) | |

# Nótaí

# Nótaí

# Gluais

**Acmhainní**

Rud éigin luachmhar a úsáideann an gnólacht. Is amhábhair iad acmhainní nádúrtha a fhástar nó a bhaintear amach as an talamh nó as an fharraige. Is rudaí iad acmhainní saorga nó de dhéantús an duine, a dhéanann daoine as amhábhair.

**Áit**

Gné amháin den phlean margaíochta - Áit ar bith ina mbíonn díol agus ceannach ag tarlú.

**Amhábhair**

Na comhábhair bhunúsacha a úsáidtear leis an táirge a dhéanamh.

**Cumarsáid**

Bealach ar bith a mbíonn daoine ag roinnt smaointe, teachtaireachtaí nó eolais le daoine eile, mar shampla, trí bheith ag caint, ag scríobh, ag tarraingt pictiúr nó ag déanamh comharthaí.

**Cur Chun Cinn**

Gné den phlean margaíochta - seo an dóigh a gcuirfear in iúl do na custaiméirí go bhfuil an táirge ar fáil agus ina meallfar na custaiméirí leis an táirge a cheannach (m.sh. is cineál de chur chun cinn iad na fógraí teilifíse).

**Fiacha**

Nuair a chaithfidh duine nó gnólacht airgead a thabhairt do dhuine nó do ghnólacht eile, tá 'fiacha' orthu.

**Fiontar**

Gnó, gníomhaíocht nó smaoineamh nua. Is ionann duine fiontraíoch agus duine a mbíonn cuid mhór smaointe úra aige nó aici agus a dhéanann rudaí nua - le hairgead a shaothrú, de ghnáth.

**Fiontraí**

Duine a chuireann gnó ar bun agus a reáchtálann é.

**Fógraíocht**

Cleasa difriúla a úsáid le haird daoine a dhíriú ar do ghnólacht agus ar a chuid táirgí agus seirbhísí, mar shampla, bileoga nó fógraí raidió nó teilifíse.

**Gnólacht**

Comhlacht a tháirgeann agus/nó a dhíolann rudaí nó seirbhísí agus áit a mbíonn daoine ag obair.

**Iasacht**

Airgead a fhaigheann duine nó gnólacht ar iasacht. Bíonn tamall áirithe acu leis an airgead a íoc ar ais agus bíonn orthu níos mó a íoc ar ais ná mar a fuair siad (féach ús). Is é an banc a thugann an iasacht, de ghnáth.

**Mana**

Rím nó rann nó gligín a bhfuil sé furasta cuimhneamh air agus a chuireann síos ar an ghnólacht nó ar an táirge nó seirbhís atá agat nó a úsáidtear le daoine a spreagadh le do tháirge a cheannach.

**Margaí**

Cás nó áit ar bith ina mbíonn díol agus ceannach ag tarlú.

# Gluais

**Plean Margaíochta**

An plean a dhéanann an gnólacht lena chuid táirgí nó seirbhísí a fhógairt agus a dhíol le custaiméirí. Bíonn ceithre ghné sa phlean margaíochta: Táirge, Praghas, Áit, Cur Chun Cinn.

**Praghas**

Gné den phlean margaíochta - is é an praghas an méid airgid atá le híoc ag an chustaiméir as táirge nó as seirbhís.

**Reic Díolacháin**

Caint nó stíl chainte nó cleas speisialta le duine a mhealladh le do tháirge nó do sheirbhís a cheannach.

**Seirbhísí**

Cuidiú a fhaigheann tú ó ghnólacht nó duine eile nuair a thugann tú airgead dóibh. Mar shampla, is seirbhís é nuair a íocann tú duine le do charr a ní nó le do ghruaig a ghearradh.

**Sláinte & Sábháilteacht**

Tacar de rialacha le daoine a choinneáil slán sábháilte san áit oibre.

**Táirge**

Gné den phlean margaíochta - is é an táirge an rud nó an tseirbhís a cheannaíonn an custaiméir.

**Táirgeadh**

Seo an próiseas trína ndéantar an táirge.

**Tionscal**

Cineál de ghníomhaíocht ghnó. Mar shampla, tugaimid 'An Tionscal Bia agus Dí' ar gach gnólacht le chéile a dhíolann bia nó deochanna. Tugaimid 'Tionscal na Turasóireachta' ar na gnólachtaí uilig a mbíonn baint acu le laethanta saoire nó le turasóirí.

**Trádáil**

Malartú rudaí nó seirbhísí, ar airgead, de ghnáth.

**Ús**

Má thugann banc nó duine eile iasacht duit, gearrann siad táille ort as an tseirbhís a chur ar fáil. Tugaimid 'ús' ar an táille seo. Bíonn ort an iasacht agus an t-ús a íoc ar ais.

YOUNG enterprise
A Member of JA Worldwide
NORTHERN IRELAND

YOUNG ENTERPRISE NI

# I mBun Gnó

*i gcomhpháirt le*

Danske Bank

YoungEnterpriseNI

linkedin.com/company/young-enterprise-ni

@YE_NI

youtube.com/100YENI

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear